CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Risteard de Hindeberg agus a chomhluadar ceoil, samhradh 1905
Authors	Ó Gealbháin, Ciarán
Publication date	2016-08-01
Original Citation	Ó Gealbháin, C. (2016) 'Risteard de Hindeberg agus a chomhluadar ceoil, samhradh 1905', An Linn Bhuí-, 20, pp. 151-178.
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Rights	© 2016, Ciarán Ó Gealbháin.
Download date	2026-11-15 15:00:10
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/13617

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Risteard de Hindeberg agus a Chomhluadar Ceoil, Samhradh 1905

Ciarán Ó Gealbháin

Thráchtas cheana, in An Linn Bhuí 19, ar cheann de na buidéil cheoil úd a líon An Dochtúir Oirmhinneach Risteard de Hindeberg (1863–1916), i bparóistí na Rinne agus Chill Ghobnait, samhradh na bliana 1905, a bhfuil cuntas againn orthu ón mbailitheoir féin in *A Handbook of Irish Music* (1928). Is tráthúil anois, céad bliain glan ó chailleadh é, Lá 'le Pádraig 1916, go gcaithfí súil agus cluas ní ba ghrinne ar an gcuid eile den chnuasach tábhachtach seo a d'fhág an fathaíoch seo na Gaelainne agus na saíochta dúchais againn mar oidhreacht.

Ar na taifeadtaí is fearr agus is suimiúla ar fad den méid a thóg de Hindeberg sa ghort in óige na haoise seo caite agus a tháinig slán anuas chughainn trí bhithin Dé, tá an chuid sin dá chnuasach atá anois ar coimeád in Taisce Cheol Dúchais Éireann (TCDÉ) i mBaile Átha Cliath agus sa *Berliner Phonogramm-Archiv, Museum für Völkerkunde* (BPA), i gcathair Bheirlín na Gearmáine. Bhí ainm an BPA in airde i dtús an chéid seo caite, ní hamháin mar ionad léinn, ach toisc é a bheith ar an mbeagán sin áiteanna ina bhfaighfí fiteáin chéireacha a chóipeáil agus a bhuanú as a miotalú nó a ngalbhánú. Ar ámharaí an tsaoil, bhí An Dr de Hindeberg ar dhuine acu sin a sheol buidéil cheoil chun na cartlainne úd, ní hamháin le haghaidh a gcóipeála, ach lena gcur faoi anailís thonnomhéadrach ag An Dr Erich Moritz von Hornbostel (1877–1935), ceannródaí i ngort na heitnicheoleolaíochta, a raibh staidéar impiriciúil á dhéanamh aige ag an am ar bhuneilimintí nó bhuncháilíochtaí an cheoil. Bhí de Hindeberg suite de go bhfaighfí a chruthú, ach roinnt éigin samplaí a chur faoi ghrinnscrúdú tuinairde, nárbh ionann scála don cheol Gaelach agus é sin a bhí tagtha chun cinn le cúpla céad de bhlianta faoi thionchar an cheoil ealaíne. Chuige sin, sheol sé ceithre fhiteán déag, a raibh amhráintí Gaelainne ó cheantar na nDéise ar thrí cinn déag acu,[1] chun na Gearmáine i 1907 lena gcur á gcóipiú agus leis an gceol a bhí orthu a chur faoi scrúdú eolaíochta.[2] Bhainfeadh de Hindeberg leas ar ball as torthaí scrúdaithe von Hornbostel mar thacaíocht dá chuid áiteamh timpeall chúrsaí ceoil, tuairimí a nochtadh fad ar fhad ina *A Handbook of Irish Music* (1928), saothar nár foilsíodh go ceann dhá bhliain déag tar éis a bháis.

Maidir lena raibh i gceist le cóipiú na bhfiteán úd, is amhlaidh go múnlaítí cóip chopair, ar a dtugtaí 'galvano', as an mbuntaifead. Scriostaí an

sorcóir céireach – fiteán nó eiteán – sa phróiseas, ach gheofaí cóipeanna go leor dá raibh air a dhéanamh ina dhiaidh sin ón 'galvano'. Leis na múnlaí copair úd i gcóir agus an t-ábhar scrúdaithe go mion, sheoladh anall go de Hindeberg iad, maille le torthaí scrúdaithe von Hornbostel.[3] Ins na 1960í, bhronn muintir de Hindeberg a raibh ina seilbhsean de thaifeadtaí an Dochtúra um an dtaca sin ar an Dr Seoirse Bodley, Roinn an Cheoil, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, fear a bhronn ina thuras féin ar TCDÉ iad ins na 1990í. Ní go dtí le fíorghairid, áfach, a thuigeadh go bhfaighfí adhmad a bhaint fós as na múnlaí copair seo. Ar chomhairle bheirt scoláirí, An Dr Fintan Vallely agus An tOllamh Thérèse Smith, chuir TCDÉ ag triall arís ar an nGearmáin iad, áit ar bhaineadh leas astu le macasamhla na mbuntaifeadtaí a mhúnlú, agus in earrach na bliana 2009, bhí an Dr Susanne Ziegler ón BPA in ann cóipeanna digiteacha den chnuasach ríthábhachtach seo a bhronnadh ar TCDÉ, agus ar mhuintir na hÉireann, go deimhin, dá réir sin.[4] Bhí briste ar thost céad bliain.

Tá na rianta seo ar na taifeadtaí fuaime is luaithe ar fad againn inniu den amhránaíocht ar an nós Gaelach. Gheofaí a rá go bhfuil an chraobh sa mhéid sin ag dul go taifeadtaí eile leis an mbailitheoir céanna,[5] ach níl aon ní ar marthain atá inchurtha leo seo atá ar coimeád in TCDÉ, measaim, ar ghlaine ná ar léire. Anuas air sin, tugann siad éachtaint bhreise fhíorluachmhar dúinn ar sciar áirithe de na hamhráintí sin a luaitear in *A Handbook of Irish Music* (Henebry 1928, 286–305), léargas a bhí ceilte orainn le breis is ceithre scór de bhlianta, agus tugann an bheith istigh dúinn, fad áirithe, ar aimsir ní ba luaithe fós, agus ar an rud b'amhránaíocht dúchasach den chaighdeán ab airde, i dtuairim an Athar de Hindeberg, tráth a mbailithe ins na Déise. Rud é sin ná faightear, ná baol air, leis an nodaireacht cheoil amháin – cé nár mhiste a rá go raibh de Hindeberg ar thús cadhnaíochta maidir le ciútaí ar leith a mholadh agus a chur i bhfeidhm ina chuid scríbhinní chun ceol dúchais na hÉireann a léiriú, dá mhíshásúla leis an córas nodaireachta trí chéile (Henebry 1903; 1928). Is ar dhátaí éagsúla i mí dheireadh an tsamhraidh na bliana 1905, an 2, 3 agus 5 Iúil le bheith cruinn, a thógadh na taifeadtaí seo. Ag seo im dhiaidh mar a chuireann de Hindeberg féin inár láthair iad sa *Handbook*:

> Some time ago I collected phonograph records of fourteen songs in the Ring promontory, south-east of Dungarvan, in the County Waterford, and in the parish of Cill Gobbinet, about four miles to the north of the same place. [. . .] Those airs are for the most part slow-singing tunes of the highest class, and profusely ornamented, because they had been

> collected for a different purpose, and were subjected to examination only from the accident that I had no simpler material to hand at the time (Henebry 1928, 286–87).

Thuairimeofaí, leis an 'different purpose' a luaitear leis na píosaí anseo, go mb'fhéidir go raibh sé ar intinn ag de Hindeberg leas a bhaint astu le breis a chur lena thráchtas dochtúireachta i bhfad na haimsire, nó neachtar acu go n-úsáidfí na taifeadtaí mar áiseanna múinteoireachta, le tréithe na teanga agus na hamhránaíochta ar an nós Gaelach i ndúthaigh Déise a léiriú.[6] Pé mar gheall ar an méid sin, ní hiad na seoda is lú luach a thit le hoidhreacht chughainn, chomh fada le léargas a fháil ar nósmhaireacht na hamhránaíochta ins na Déise ag tús na fichiú haoise.

Maighréad Bean Mhic Coistealbhaigh, Baile na nGall

Mar atá ráite thuas, ceithre mhír déag ar fad atá sa chnuasach seo. Ba í 'Mrs Costelloe, of Baile na nGall, Ring, Co. Waterford', a sholáthraigh an chéad mhír sa tsraith, an chéad phíosa ar a dtráchtar sa chuid seo den *Handbook*,[7] 'a slow-singing air in A … highly ornamented by slides' (Henebry 1928, 300). Luaitear mar 'Margaret Costello' í ar chárta catalóige de chuid an BPA (Ziegler 2012, 13), an 'Margaret Costelloe' céanna, creidim, a raibh 53 bliain aici, agus í ag maireachtaint i bhfochair a céile, James [.i. Séamus Mac Coistealbhaigh, sampla: An Linn Bhuí 1 (1997) 13] agus a mbeirt mhac, i Baile na nGall sa bhliain 1901, de réir dhaonáireamh na bliana sin.[8] Deir an t-údar mór ar na cúrsaí seo liom, Nioclás Mac Craith, go dtugtaí 'an Geánsaí' uirthi coitianta, agus tuairimíonn gur bhaisteadh é sin uirthi mar gur chaith sí scaitheamh éigin ag obair in Guernsey.[9] Bhí cónaí uirthi ar Lána Pheaidí Pheig, bóithrín beag a ghabhann siar i gcoinne an chnoic, a dtugtar an Múchán ar a leath uachtarach, agus a dhéanann an cóngar idir bun an bhaile agus Baile Uí Raghallaigh, mar a theagmhaíonn sé le bóthar Heilbhic. Muirgheasach ba ea Maighreád an Geánsaí ó dhúchas, agus gaol aici le Cití Shíle Ní Mhuirgheasa (†1932), máthair sheanNiocláis Tóibín, an t-údar agus an file a d'fhreastail 'Scoil an Chalaidh' an chéad lá, agus seanmháthair an amhránaí chlúitigh den ainm céanna (Mac Craith 1999, 42–3).

Ba é 'Baile an Tóchair' an t-amhrán a roinn sí leis an Athair de Hindeberg ar an ócáid seo, an 5 Iúil 1905. Deir an t-údar sin linn ina thaobh: 'This is a very beautiful tune, but outside the present source it is unknown to me' (Henebry 1928, 300). Ní taise dom féin é, óir níor aimsíos go fóill beag in aon bhall eile é, dá mhéad mo dhícheall cuardaigh. Cé gur cheistíos amhránaithe na dúthaí ina thaobh, níorbh eol d'éinne acu é, damaid Eibhlín Bean Uí Dhonnchadha, beannacht Dé léi, a d'airigh caint

éigin ina hóige air. Is léir ón tríú rann ag Bean Mhic Coistealbhaigh, áfach, go bhfuil gaol éigin le sonrú idir an amhrán seo aici agus an t-amhrán clúiteach úd, 'An Chúilfhionn', déantús a fuair scaipeadh fada fairsing i gcaitheamh na mblianta:

'Baile an Tóchair', Maighréad Mhic Coistealbhaigh, 5 Iúil 1905	*'An Chúilfhionn', in O'Daly 1850, 124*
Óse, thíos i Chrao' Chualann [?] 's í ag siúl ar na bánta, Dhéra, brainnse [?] ar a gúna, gan smúta ar a bróig di; 'mó ógánach súl-ghlas ag tnúth le hí a phósadh, Ó's ní bhfaighidh siad mo rún-sa ar a' gcuntas ar dóigh leo.[10]	A bh-facadh tú an Chúil-fhionn 's í ag siúbhal ar na bóithre, Maidion gheal drúchta 's gan smút ar a bróga; Is iomdha ógánach súl-ghlas ag tnúth le hí phósadh, Achd ní bh-faghadh siad mo rún-sa ar an g-cuntas is dóith leo.

Mártan Draopar, Baile na nGall

Ba é 'Martin Draper', nó Mártan Draopar [sampla: An Linn Bhuí 3 (1999) 5], 'a boy from the same village, of about eleven years of age at the date the record was taken', an faisnéiseoir i gcás an tarna amhrán a luaitear, taifead a thógadh dhá lá ní ba luaithe, ar 3 Iúil 1905. Sár-amhránaí ar fad ar fad ba ea an t-ógánach seo, agus ba é an taifead seo leis 'the best and most interesting recording of the collection' i dtuairim de Hindeberg féin (Henebry 1928, 209 n. 18). Ba é seo garmhac Aibhistín Draopar (1808–1883), an chéad cheadúnaí a luaitear le tigh tábhairne i mBaile na nGall (Mac Craith 2009, 82).[11] Tá Mártan féin cláraithe mar ostaeir san ionad céanna i ndaonaireamh na bliana 1911, tráth a raibh bliain is fiche slánaithe aige.[12] Deir Mac Craith (2009, 85), áfach, nár thit an ceadúnas i gceart chuige go dtí 1918. Bhí mar fhear an tí ina dhiaidh sin, nó gur chailleadh é ar 15 Eanair 1960. Tá an tigh ósta céanna, ar a dtugtar 'Tigh an Cheoil' inniu, i seilbh mhac nia chéile Mhártain Draopair i láthair na huaire, duine de mhóramhránaithe na tíre sa lá atá inniu ann, Seán Mac Craith, agus dála mar a bhí an uair úd, tigh mór amhránaíochta agus ceoil atá ann inár n-aimsir féin.

Is dealraitheach go raibh dornán blianta de bhreis ar an aon bhliain déag a leagtar air sa *Handbook* ag Mártan nuair a dheineadh an taifead seo leis: deir Mac Craith linn (ibid., 83) gur ar 8 Nollaig 1888 a shaolaíodh é, agus bhí dhá bhliain déag aige i 1901 de réir dhaonáireamh na bliana sin. Ní

foláir nó go raibh tuairim is sé bliana déag aige, mar sin, agus é ag soláthar don bhfónagraf, mí dheireadh an tsamhraidh 1905. Suimiúil go maith, deir de Hindeberg ina thaobh gur 'practised phonograph singer' a bhí ann, rud a chuirfeadh iontas inniu orainn, b'fhéidir, agus sinn ag cuimhneamh is ag trácht ar cheantar tuaithe in óige na fichiú haoise. Ach má bhí taithí éigin ag an Draoparach óg ar an eideafón, ní foláir nó gur cleachtaithe ar ghléas taifeadta an Athar de Hindeberg féin a bhí sé, óir ní móide go bhfacthas aon ghléas eile dá shórt sa dúthaigh roimhe sin ná go ceann tamall éigin ina dhiaidh. Ní mhaireann, mar sin féin, aon taifeadtaí eile leis an amhránaí céanna ón ré úd, go bhfios dúinn.

Fear mór cuideachtan agus fidléir binn, maireann fós dornán samplaí de Mhártan i mbun ceoil. Bhain sé duais san Oireachtas dá chuid amhránaíochta sa bhliain 1912 (ibid., 85), ach is cosúil nár lean sé di mórán amach san aimsir. Dúirt Eibhlín Bean Uí Dhonnchadha liom, neacht chéile Mhártain, Nóra Ní Ghríobhtha (1895–1935), nár airigh sí ag amhránaíocht ach go rí-annamh é ag fás aníos di.[13] Is cosúil gur thug sé siar don amhránaíocht tar éis bhás anabaí a chéile. Bhain a macsan, Labhrás Dráipéir (1931–1986), ana-cháil amach, ar ndóigh, mar dhuine de mhóramhránaithe na Gaelainne sa bhfichiú haois. Ba é breith na coitiantachta air i gceantar na Rinne agus an tSean-Phobail ná barrfadh éinne é ar amhrán. Bhí sé mór leis an maistir ceoil úd, Seán Ó Riada (1931–1971), agus iad araon i mbun léinn i gColáiste na hOllscoile Corcaigh i mórdhaichidí agus mionchaogaidí na haoise seo caite, agus cá bhfios ach gurbh é 'Róisín Dubh' an Dráipéaraigh a thug 'Mise Éire' don saol mór, óir ní deacair, measaim, tionchar fhear na Rinne a shonrú ar an gcóiriú iomráiteach seo an Riadaigh ag éisteacht siar dúinn inniu leis.

Is fiú dul amach rud beag ar an amhrán a dúirt Mártan don Dr de Hindeberg ar an ócáid seo, .i. 'Baile Lín'. Ní bheifí ag súil leis, b'fhéidir, ach déantús is ea é seo a bhí ar eolas coitianta go leor i gceantar na Rinne agus an tSean-Phobail, agus i ndúthaigh Déise i gcoitinne, anuas go lár an chéid seo caite.[14] Déantús de chuid Antaine Raiftearaí (1779–1835) atá ann, amhrán a dtugtar idir 'Máire Ní Eidhin', 'Baile Uí Lia' agus 'An Pabhsae Glégeal' air. Chumadh tuairim na bliana 1830 é, ach dhein sé a shlí ó dheas ar an mbéal beo, nó gur bhain sé leithinis na Rinne amach, fad ar fhad. Deir Ó hÓgáin gurb é atá ann, go bunúsach, 'a Munster version of the song … [which] may have been brought to east Munster by 19th century migrant workers' (1994, 242), tuairim a bhfuil dealramh áirithe leis.

Ba bheag an cur amach, ní nach ionadh, a bhí ag muintir na nDéise an uair úd ar an bhfile cáiliúil a chum, ach mar sin féin, féach nach i bhfad ón sprioc a bhí Maidhc Dháith Turraoin (1878–1963) [samplaí: An Linn Bhuí

2 (1998) 30; 19 (2015) 43] agus é ag cur síos ar údar an amhráin seo do Úna Parks Bean Breatnach (1909–2000) [sampla: An Linn Bhuí 4 (2000) 53] i mórchaogaidí na haoise seo caite: 'Dall' a deir sé, 'a bhí ag dul go dtí an Aifreann, sé a dhein' (in Verling 2007, 349). Is cosúil gurbh é Mártan Draopar a mhúin don Turraoineach é (Breatnach 1998, 19), agus ag seanchaíocht do ar a stór fairsing féin amhráintí le Nioclás Breatnach (1912–2002) [sampla: An Linn Bhuí 6 (2002) 171] i lár na haoise seo caite, d'áirigh Maidhc gurbh iad 'Máire Ní Eidhin' agus 'Máirín de Barra' na cinn ab ansa ar fad leis (ibid.).[15] Seo a leanas mar a d'inis Mártan Draopar an chéad véarsa de 'Baile Lín' don Dr de Hindeberg, taobh lena chomh-rann as an leagan sin a bhailigh Dubhghlas de hÍde (1860–1949) tamall gairid éigin ní ba luaithe 'ag Cilltartan, ó bhéal Thomáis Uí h-Éidhin,[16] Gaedheiltheóir breágh cliste, agus fear-abhrán maith, atá féin gaolach léi [.i. Máire Ní Eidhin]' (Hyde 1903, 328):

'Baile Lín', Mártan Draopar, 3 Iúil 1905	*Máire Ní h-Eidhin, Tomás Ó h-Eidhin, c.1903; in Hyde 1903, 330*
Ar mo dhul dtí'n Aifreann le toil na ngrásta,	Dul chuig an Aifrionn dam le toil na nGrásta,
lá breá báistí le teannta ón Rí;	Do bhí an lá báisteach, agus d'árduigh gaoth,
'siúd do dhearc mé an ainnir age cúl tí'n tábhairne,	Casadh an ainnir liom le taoibh Chilltartain
's do thit mé im' láthair i ngrá le mnaoi.	Agus thuit mé láithreach i ngrádh le mnaoi.
Do labhair mé léi 'úd, go banúil náireach,	Labhair mé léithe go múinte mánla,
d'réir a cáil' sea do fhreagair sí;	'S do réir a cáileacht 's eadh d'fhreagair sí,
'sé a dúirt sí, ''ghrafadaeir, tá m'intinn sásta,	'Sé dubhairt sí Raifterí tá m'intinn sásta,
's tair go lá liom go Baile Lín.'	Agus gluais go lá liom go Bail'-ui-Liagh.

Maidir le 'Baile Lín' an Draoparaigh, is fiú a thabhairt chun cuimhne anseo go bhfuil baile fearainn den ainm sin i bparóiste Dhún Aill in oirthear na nDéise, agus tharlódh go raibh eolas áirithe sa Rinn Ó gCuanach ar an áit

sin ó dhaoine a bheith ag dul síos amach i gcaitheamh na mblianta go dúichí saibhre in oirthear an chontae.[17] Ní foláir nó gur tearc an t-eolas a bhí ag muintir na dúthaí ar an mBaile Uí Laoigh seo Raiftearaí pé ar domhain de.[18] Tá an t-amhrán athlonnaithe ar chuma éigin agus curtha in oiriúint dá thimpeallacht nua ag amhránaithe na nDéise anseo, feiniméan de chuid na litríochta béil ar a dtugann Henigan 'localization' (2012, 54). Díol suime é gur 'lá breá báistí le teannta ón Rí' a chloistear anseo ag Draopar, mar mhalairt ar an ní a fhaightear in insintí Déiseacha eile, a leithéid agus 'lá breá Páise i gContae an Rí' cuir i gcás.[19] Is é an rud is minice a leagtar ar Raiftearaí anseo, ar ndóigh, ná 'Do bhí'n lá a' báistigh agus d'arduigh gaoth' (Costello 1923, 102), faoi mar atá ag an Eidhineach anseo thuas. Is spéisiúil an rud é, leis, gur 'age cúl tí'n tábhairne' a theagmhaigh an file leis an óigbhean in insint Dhraopair, an uair gur 'le taoibh Chill-tártan' (ibid.) a chloistear san ionad seo de ghnáth, nó 'ag crois Chill Tartan' (Gunn 1984, 110) faoi mar a chastar orainn é in insintí eile ón dúthaigh sin ba mhó a thaithíodh Raiftearaí féin. Samhlaítear dúinn gur chúrsaí foghraíochta is bun leis an míthuiscint a thug ann don mhalairt seo (Cill Tartan > tí'n tábhairne), ar an ábhar go bhfuaimnítear 'Cill' ([kʹɪːlʹ] i gcanúint an fhile) mar [kʹəi lʹ] i gcanúint na nDéise. Ba shásúla go mór an iasacht seo, dá bhrí sin, ó thaobh amais de, ná an t-áitainm a thabhairt le foghar Déiseach. Tugtar faoi deara, chomh maith, sa líne leathdheireanach den rann, gur '[a] ghrafadaeir' a deir an óigbhean, ag labhairt di sa ghairmeach leis an bhfile. Bheifí ag súil le 'a Raiftearaí', nó ''Raif'trí', ar ndóigh, anseo, ach de bhrí gur sloinne neamhchoitianta é sin i gceantar na Déise,[20] tá léiriú eile fós anseo againn den tslí ina dtagann an traidisiún 'chun fóirithinte' ar an amhránaí (Lord 2000) maidir leis an ní ná tuigtear, nó an nath ná tagann slán ar fad agus amhrán ag dul ó dhuine go duine.[21]

Wátér de Poer, Cill na bhFraochán

Sholáthraigh Wátér de Poer, .i. Walter, nó Watty Power (1850–1922), 'Cul na Smeur, in the parish of Cill Gobbinet' cúig píosa ar fad don chnuasach seo: 'Miss Brien an Chuilfionn' (fiteán 3), 'Leanán Sidhe' (4), 'Táiliúir an Chroidhe Mhóir' (7), 'Pilib Séimh Mac Gearailt' (8), agus 'Edmond an Chnuic' (10). Deir de Hindeberg ina thaobh seo: 'He was a middle-aged man, and had never sung into a phonograph before' (Henebry, 1928: 300–01). Bhí leathchéad bliain aige agus é ag maireachtaint i bhfochair a dhearthár agus a bheirt deirféar, i gCill na bhFraochán Thiar, paróiste Chill Ghobnait i 1901 de réir dhaonáireamh na bliana sin.[22] Ní mhaireann inniu éinne dá sliocht, ach tá fothrach a n-áitribh le feiscint fós, maille leis an



Fothrach an tí ar áitreabh na bPaorach, mar a raibh cónaí ar Wátér de Poer i 1905

bpinniúr nó an bhinn liathróide a thógadh ar thalamh na bPaorach tráth den saol.[23]

Bhí ainm Watty in airde mar amhránaí cumasach ina cheantar féin. Nuair a d'fhilleadh Ard-Rúnaí an Chonartha, Pádraig Ó Dálaigh (1873–1932), le seal a thabhairt ar a fhód dúchais, ba nós leis carr a fhostú leis an bPaorach, a bhí dall in earr a aoise, a thabhairt go tigh ósta áirithe i nDún na Mainistreach mar a chaithidís an lá ag amhrán; deir Seán Ó Ciarghusa (1873–1956), fear eagair *An Sguab* ó 1924 go dtí 1926, ag cur síos do ar an Dálach, go bhfaca sé uair é 'i gcuideachtain shéimh i bhfochair sean-Watty Power ó Chill na bhFraochán i nDéiseachaibh agus gachra amhrán acu agus b'in é an uair a thuigeas i gceart cad is Gaeil agus Gaelachas ann'.[24]

Miss Brien an Chúilfionn

Maidir leis an gcéad mhír againn ón bPaorach, 'Miss Brien an Chúilfionn', amhrán é seo a leagtar ar Phiaras Ó Briain (*fl.*1850) áirithe, file a raibh cónaí air tráth den saol i gcomharsanacht Chill na bhFraochán, mar a raibh cónaí ar Watty féin in 1905 agus na buidéil á líonadh aige don Athair de Hindeberg. Seo mar a chuireann Máighréad Ní Fhearrghaile (86), Ré na

dTiompán, síos ar an bhfile seo, agus an t-amhrán céanna, ar ar bhaist sise 'Miss O Brian', á roinnt aici lena garnia, Pádraig Ó Fiannúsa, Eanair na bliana 1931: 'Do dheirbhsiúr Phiarais Uí Bhrian an Baile Íochtarach a dheineadh an t-amhrán seo. Bhí Piaras na chomhnaidhe timcheall trí mhíle ó Dhúngarbhán' (CBÉ 85:148).

'Miss Brien an Chúilfionn', Wátér de Poer, 2 Iúil 1905	'Miss O Brian', *Máighréad Ní Fhearrghaile, Eanair 1931; in CBÉ 85:149*
Dá bhfaighinnse cóir na gaoithe	Dá bhfaighbhinnse cóir na gaoithe
nó solas cruinn san oíche,	nó eólas cruinn san oíche,
Is leatsa 'raghainn a réidh-bhean	Is leat a raghainn a ríogh bhean
'on bhFrainc nó 'on Spáinn	dtí'n bhFrainnc nó an Spáinn
Do shiúlóinn leat sna coillte,	Siúbhalóchainn leat na tírtha [*sic*],
níl claí ná scairt ná raghainn leat	níl claídhe ná scart ná raghainn leat
Is go Gleann na nGealt dom choinreach	Go Gleann na nGealt im chuing bhocht
mara [?bhfaighead anois mo ghrá].	Mar is caladhaire [*sic*] mé tá id' dheoidh.[25]

Faightear cuntas eile ar an mBrianach seo ón bhfaisnéiseoir céanna, agus amhrán ábhachta, dar teideal 'Prátaí an Bhriainig', á chur i láthair aici i mball eile:

> Piaras Ó Brian ó Chill Ghobnait gairid do Dúngarbhán a chum an píosa seo. Bhí stát ag Piaras acht chaill sé é agus anois ó bhí sé dealbh bhíodh daoine ag cuir prátaí chuige. Na fir oibre a chuireadh ag togha na bprátaí, chuireadar prátaí dubha, prátaí geártha [*sic*] agus clabhráin isteach agus chuir Piaras i gcomparáid iad leis na fearaibh a bhí ag Waterloo
>
> > Na prátaí úd a fuair a Brianach ba dheacair iad a scrúdú
> > Mar chuireadh le hachtáil iad dtí bualadh Waterloo
> > Annsúd a bhí an bualadh an gearradh 's an tiomáint
> > Is is ró bheag a chuaidh ann díobh a tháinig as slán. (CBÉ 85:158)



An pinniúr liathróid láimhe a thógadh ar thalamh na bPaorach sa chéad leath den naoú haois déag

Agus an file ag dul amach ina dhiaidh sin ar thréithe na bprátaí úd a dháileadh air, deir sé go raibh 'cuid aca salach leis an *galar dubh grándha*/A c*h*uir gan mhaith iad ar mhucaibh 's ar charántaibh' (ibid., liomsa an bhéim). Sa chás gur imeartas focal ag an bhfile é seo, agus tagairt á dhéanamh aige san am céanna do *Phytophthora infestans* agus don phlá araon, blúire eile fianaise í, b'fhéidir, gur amach san naoú haois déag, uair éigin tar éis Chath Waterloo (1815) agus teacht na bprátaí dubha (1845) a chumadh an t-amhrán áirithe seo. Cuir i gceann an mhéid sin a deir Ní Fhearrghaile i dtaobh an fhile ar a leagann sí é – gurbh as an 'Baile Íochtarach', i bparóiste Chill Ghobnait do agus go raibh roinnt mhaith talún luaite leis tráth – agus déarfaí go mb'fhéidir gurbh é seo an 'Pierce O'Brien' céanna a raibh 122 acra, 1 ceathrú agus 32 péirse ins an mBaile Íochtarach Thoir, maille le 69 acra 1 ceathrú agus 3 péirse eile ins an mBaile Íochtarach Thiar, ar léas aige ón Uasal Richard Farrell de réir Luacháil Uí Ghríofa, 1851.

Níor mhiste, ós ag caint ar an bhfile seo sinn, déantús amháin eile a leagtar air a lua anseo chomh maith, amhrán a bhreac Nioclás Breatnach,

Samhain na bliana 1935, ó Liam Ó Cuirrín (45), feirmeoir i mBaile an Iúir. Níl de theideal curtha leis an bpíosa ag an mBreatnach ach 'Piaras Ó Briain', ach is e atá ann amhrán ábhachta ar bheirt bhan áirithe a chuir suim mhór in aon fhear amháin, 'an Faoiteach óg'.[26]

Leanán Sídhe

Is é atá ar fiteán 4, taifead d'amhrán eile leis an bPaorach a dtugtar 'Leanán Sídhe' air sa chnuasach. Is bocht arís ár gcur amach air seo, damaid gur bhreac Liam de Noraidh aon véarsa amháin de i mbaile Dhun Garbhán ar 1 Iúil 1940, ó Eibhlín Ní Fhathaigh, Bean Mhic Dhónaill, bean de bhunadh Chill Ghobnait a raibh a cuid amhráintí aici óna máthair (Ó hÓgáin 1994, 30). 'Aisling Bhréagach' is teideal don amhrán ins an gcnuasach sin de Noraidh (ibid., 86). Díol suime é go bhfuil ceol na beirte, de Paor agus Mhic Dhónaill, ag teacht cruinn go maith lena chéile, dá neamhrialta é mar fhonn. Seo a leanas mar a bhí an tarna rann den amhrán ag an bPaorach ar an taifead sin de Hindeberg, ón 2 Iúil 1905, taobh lena chomh-rann ón leagan a thógadh ó Bhean Mhic Dhónaill, cúig bliana tríocha cothrom an lae, geall leis, ní ba dhéanaí:

'Leanán Sídhe', Wátér de Poer, 2 Iúil 1905	*'Aisling Bhréagach', Eibhlín Mhic Dhónaill, 1 Iúil 1940; in Ó hÓgáin 1994, 87*
Aisling bhréagach a dheineadh aréir dom	Aisling bhréagach a dheineadh aréir dom
's mise im aonar ar mo leaba im luí,	Agus mé im aonar le seal im luí
gur tháinig spéirbhean 's gur shuigh sí taobh liom	Gur tháinig spéirbhean is gur shuigh sí taobh liom
b'anna' gné is ba ghile gnaoi.	B'áille gné is ba ghile gnaoi;
Bhí a grua mar lile, 's a píop mar chláirseach,	Bhí a grua mar lilí is a píop mar chláirseach,
's sciobfaí an barr léi ós na ceolta sí;	Is do thug sí an barr léi ós na ceolta sí.
agus pé'r domhan fear óg a b'uil a póg súd i ndán do	Agus pé fear óg a bhfuil a póg súd i ndán do
gheobhaidh sé grásta Mhic Dé mar dhíol.	Do gheobhaidh sé grásta Mhic Dé mar dhíol.

Meabhraíonn Ó Buachalla dúinn gurb é an conbhinsean liteartha 'is fairsinge agus is leanúnaí a saothraíodh san aisling, insint sa chéad phearsa agus an t-inseoir ina leaba nó i láthair dhiamhair éigin ina dtaibhsítear an aisling dó' (1996, 532). Ní foláir nó go bhfaighfí a rá, leis, gur mhóitíf choitianta go maith sa seánra filíochta seo trí chéile í an 'aisling bhréagach', a mhinice a chastar orainn sa traidisiún í. Tugtar, cuir i gcás, dán de chuid Mhichíl Choimín chun cuimhne anseo dúinn, déantús dar tús 'Aréir tríom néalta is tríom aisling bhréagach/ do dhearc mé an spéirbhean do chealg sinn' (in Newman 2013, 238), maille leis an véarsa sin de 'An Caisideach Bán' dar tús 'Aisling bhréagach a facthas aréir dhom/ Go raibh mise i m'aonraic ar leabaibh chlúmhach' (in Mahon 1995, 21), gan ach dhá shampla a lua. Is fiú go mór, leis, 'Leanán Sidhe' Walter Power a chur suas le 'Aisling an Óig-fhir' i gcnuasach an Argadánaigh (Hardiman 1831 (1), 304–09), mar a bhfuil suim mhaith de na línte ins an amhrán seo an Phaoraigh le haithint.

Maidir leis na hamhráintí eile a sholáthraigh an faisnéiseoir seo, leagtar 'Táiliúir an Chroidhe Mhóir' níos minice ná a athrach ar Thomás Mac Craith (†*c.*1830), an 'Seanchraipí',[27] ceapachán a dhein sé do Shéamus Ó Chaorainn (nó Ó hAthchaorainn / Ó hEachiairn), más fíor, táilliúr ó chontae Luimnigh a bhí ag cur faoi sa Chnoc Buí ag tús na naoú haoise déag. De réir an tseanchais, d'iarr Ó Chaorainn ar an bhfile amhrán molta a chumadh air a chabhródh leis óigbhean áirithe a mhealladh agus go mbeadh bheast nua agus cába as mar dhíolaíocht aige (Ó Milléadha 1936). Is é an t-amhrán seo toradh an mhargaidh úd eatarthu.[28] Is cosúil gur sceith an táilliúir ina dhiaidh sin ar chaptaen na gCarbhat sa dúthaigh, Tomás Ó Foghlú, agus ar bhaill eile dá bhuíon – an Seanchraipí agus a mhac, Séamus Mac Craith, ina measc – agus dá rúnda a choimeád na húdaráis an fheallaireacht úd, fuarthas amach ina taobh agus mharaíodh an táilliúr dá toradh, mí Dheireadh Fómhair 1809.[29]

Ceann d'amhráintí móra Shliabh gCua atá ar fhiteán 8, 'Pilib Séimh Ó Fathaigh'.[30] Is ar Thomás Mac Craith eile, mar a tharlaíonn, a leagtar an caoineadh seo ón ochtú haois déag. Chuireadh muintir Mhic Craith as seilbh i gCurrach na Slaodaí, i mblianta suaiteacha na seachtú haoise déag, agus thugadh an file, arbh abhar sagairt é le linn an ama, abhaile ón Róimh, áit a raibh sé ar a oiliúint, nuair ná raibh ar chumas a mhuintire na táillí a dhíol feasta.[31] Mac deirféar do ba ea Pilib an amhráin, agus mhair an file in aon tíos leo le linn do Philib a bheith ag fás aníos.



Uaigh na bPaorach i Reilig Chill Ghobnait

Amhráintí iad seo araon, 'Pilib Séimh Ó Fathaigh' agus 'Táilliúir an Chroí Mhóir', a luaitear go minic le stór Labhráis Uí Chadhla ó Scairt na Draighní i bParóiste Chill Ghobnait.[32] Cé go ndéarfaí nach aon díol iontais é, ar an ábhar gurbh as an bparóiste céanna dóibh beirt, ba dheacair a shamhlú ach go raibh tionchar cuíosach mór ag an bPaorach ar an gCadhlach ó thaobh na hamhránaíochta de, a chosúla agus a ghabhálann siad beirt na hamhráintí áirithe seo atá againn ar marthain uathu. Go deimhin, deir Ó Cearbhaill (in Ó Cadhla 2000, 4) go bhfuil sé aigesean ón mbailitheoir Nioclás Breatnach gur ag Watty Power, Cill na bhFraochán, a d'airigh an Cadhlach 'Pilib Séimh Ó Fathaigh' a chéaduair, agus díol eile suime dúinn, anuas air sin, an dá amhrán úd a bheith i bhfochair a chéile sa chnuasach beag amhráintí a thóg an Breatnach ón gCadhlach sa Scairt, ar 20 Iúil 1936.[33]

Édmond an Chnuic

Amhrán is ea 'Édmond an Chnuic', nó 'Éamonn an Chnoic', a fuair scaipeadh nach beag ar fuaid na tíre i gcaitheamh na mblianta.[34] Glactar leis, ar uairibh, gurbh é Éamonn Ó Riain, nó Edmund Ryan (*fl.*1704), a shaolaíodh i gCnoc Maothail,[35] An Teampall Beag, contae Thiobraid Árann (agus a

raibh gaol aige le Seán Ó Duibhir an Ghleanna, ropaire iomráiteach eile an chultúir bhéil a bhí suas leathchéad bliain éigin roimhe) a chum, ar a bheith ruaigthe as a chuid tailte uair éigin i dtreo dheireadh na seachtú nó tús na hochtú haoise déag. Maireann go leor seanchais ina thaobh i gcontae Thiobraid Árann fós. Dála an Chraithigh thuas, bhí sé ag dul leis an sagartóireacht ar an Mór-roinn, is cosúil, in aimsir na bPéindlíthe, ach ar a bhealach abhaile do, mharaigh sé bailitheoir cíosa a bhí ag iarraidh baintreach a chur as seilbh, nó neachtar acu a bhí ag iarraidh bó léi a bhaint di (Nic Éinrí 2003; Ó Corrbhuí 1991). Dhein méirleach de den iarracht sin.[36] Leagtar 'Bean Dubh an Ghleanna' air, leis, ach arís níl aon deimhniú againn ar an méid sin ach chomh beag (Nic Éinrí 2003). Is ag O'Sullivan ([1930]) atá an cuntas is cuimsithí air, aiste a bhunaíodh ar chomhfhreagras dar dáta 23 Eanair 1849 ag Andrew Ryan áirithe, as 'Gortkelly Castle, Borrisoleigh', contae Thiobraid Árann, le Sean Ó Dálaigh, ina dtugtar cuntas beacht ar 'the life of Ned of the Hill … or at least the principal acts as treasured upon the memory of the peasantry of the county' (in Ó Drisceoil 2007, 223). Fiche is a haon leathanach ar fad atá sa lámhscríbhinn seo, agus é rófhada dá réir sin le go bhfoilseodh an Dálach ina iomláine é ina shaotharsan, *The Poets and Poetry of Munster*, cé gur air atá a ghearrchuntas ar an amhrán sa saothar sin bunaithe.[37]

Cé go bhfuil an Súilleabhánach suite de gurbh é an Rianach a chum an t-amhrán seo, díol suime mar a deir sé amach sa chuntas go bhfuil i gcuid de na véarsaí 'a strange, erotic beauty, which shows Ryan to have been at once a passionate lover and an acomplished poet' (O'Sullivan 1960, 151), rud a thugann tacaíocht, b'fhéidir, don tuairim gurb é atá ann, go bunúsach, sampla den *serenade*, i dtéarmaí Uí Thuama (1960), a bhfuil scéal rómánsúil an ropaire imithe i bhfeidhm air. Is follas, ach srachshúil a chaitheamh ar dhornán leaganacha de, go bhfuil buntréithe an amhráin ghrá le haimsiú ann go rímhinic.[38] Díol suime, mar shampla, ná luaitear 'Éamonn an Chnoic' ins an amhrán den teideal sin a d'fhoilsigh an Argadánach in *Irish Minstrelsy* (1831):[39] is mó go bhfuil an leagan sin, ina bhfuil téama an chuiridh go mór chun tosaigh ann, le haithint mar leagan de 'Coillte Glasa an Triúcha', mo thuairim.[40]

Pé mar gheall air sin é, díol spéise dúinn gurbh iad na rannta úd a labhrann go díreach ar an ropaire, ar véarsaí iad a fhaightear, leis, i gcnuasach Bunting ó thús na naoú haoise déag, atá sa mhéid a mhaireann den amhrán againn ó bhéal Wátéir de Paor i gcnuasach de Hindeberg - véarsa go leith, agus leathlíne lena chois – léiriú follasach ar bhuaine an chultúir

bhéil, nó 'the remarkable … tenacity of oral letters in Irish tradition' mar a deir Pádraig A. Breatnach (1987, 57), ins an am atá thart:

'Édmond an Chnuic', Wátér de Poer, 2 Iúil 1905	*'Éamonn an Chnuic', in O'Sullivan 1960, 150*
'Cé hé sin amuigh, b'uil faobhar ar a ghuth, a' réabadh mo dhorais dúnta?' 'Mise Éamonn a' Chnoic, atá báite fuar fliuch, ó shíorshiúl sléibhte 's gleannta.' 'lao ghil 's a chuid, cad 'deánfainnse dhuit nach go gcuirfinn ort brinn [*recte* ?binn] dem' ghúna? 'S go mbeidh púdar go tiubh, á shíorshileadh leat 's go mbeimist araonach múchta.'	'Cé h-é sin amuh / Go bhfuil faor ar a ghuth, 'A' réaba mo dhoruis dúnta?' 'Mise Éamonn a' Chnuic, / Tá báidhte fuar fliuch, Ó shíor-shiúl sléibhte is gleannta. 'A lao ghil 's a chuid, / cad do dheánfainn-se dhuit Mara gcuirfinn ort beinn dom ghúna? 'S go mbeidh púdar dubh / 'á lámhach linn go tiubh, Is go mbeimís araon múchta.'

Pádraig Ó Néill, Droichead na gCorrán

Duine eile a sholáthraigh roinnt mhaith ábhar don Dr de Hindeberg sna seisiúin áirithe sin in 1905 ba ea Pádraig Ó Néill, nó Peats Néill (1889–1952) [sampla: An Linn Bhuí 18 (2014) 327]. I dtaca leis na hamhráintí 'Spailpín Fánach' (fiteán 6); 'The Little Fox',[41] nó 'An Maidrín Ruadh' (11); 'It is all the same who will gut the Barby',[42] nó 'A spailpín, a rún' (12); agus 'Waterford Quay', nó 'Is buachaillín fíor óg mé'[43] (14), deir de Hindeberg gurbh é 'Padraig O'Neill, Droichead na gCorran, Helvick, Ring, a boy then about twelve years of age' a chan, amhránaí ar thug sé ardmholadh do sa Handbook.[44] Ba é seo an t-ógánach céanna, 'Patrig O'Neill', fear poist a raibh 17 bliana aige, gur uaidh a thóg an lia agus an t-eitneolaí iomráiteach ón Ostair, Rudlof Trebitsch (1876–1918), dhá amhrán, ar a bheith sa Rinn Ó gCuanach do, an 27 Iúil 1907.[45] Dála Mártan Draopar, thuas, amhránaí óg eile ba ea Peats a bhain duaiseanna i gcomórtaisí éagsúla, comórtaisí an Oireachtais ina measc (Mac Craith agus Ó Gríobhtháin 2000, 93). Píobaire cumasach ba ea é, leis, agus bhain sé duaiseanna dá cheol píbe ag Oireachtas na Gaeilge i mBaile Átha Cliath i 1922 agus 1923 (Ó Ceallaigh, 2003). Fear a mhair i gcomhaimsir leo beirt ba ea Nioclás Tóibín, údar, a bhfuil an cuntas beag seo a leanas againn uaidh ar an dís úd agus iad i mbláth na hóige:

> [L]e mo chois bhí ag éirí suas buachaillí eile, buachaillí de shaghas Phádraig uí Néill, Mhártan Draper .... Bhídís siúd ag dul ar fud na tíre go dtí na feiseanna agus rugadar go mion minic an chraobh leo abhaile. Ba é Mícheál ó Foghlú, an máistir scoile i Scoil Náisiúnta na Rinne, a bheireadh Pádraig ó Néill agus Mártan Draper sa timpeall. Seanchonraitheoir ba ea Mícheál ó Foghlú. Togha Gaeil ba ea é (Tóibín 1978, 35).[46]

Nuair a bhí an saineolaí úd ar ainmneacha agus ar shloinnte Éireann, Éamonn Mac Giolla Iasachta (1887–1986), ag iarraidh an 'Nua-Ghaeltacht' a bhunaigh sé sa Ráithín i gcontae an Chláir a threisiú i bhfichidí na haoise seo caite, is chun na Rinne, go Micheul Ó Cionnfhaolaidh (1887–1956) agus go dtí an Fear Mór, .i. Séamus Ó hEochadha (1880–1959) thar chách eile, a d'fhéach sé agus é ag lorg treorach. Bhí Peats Néill ar dhuine acu sin a thoiligh dul chuige sna mionfhichidí. I litir a sheol an Fear Mór go Mac Giolla Iasachta ar 8 Feabhra 1922, deir sé: 'Tá Pádraig Ó Néill sásta bogadh ó thuaidh i ndeireadh na míosa. É eolach ar bháid agus is amhránaí maith é. Pósta le leathbhliain' (in Ó Ceallaigh 2003, 153). Is ar Hannah Ní Riain (1896–1982)[47] ó Mhóin na Mian, An Sean-Phobal, a bhí Peats pósta, agus bhí seisear clainne orthu. Sa Ráithín a chaitheadar an chuid eile dá saol, agus maireann cuid dá sliocht sa dúthaigh chéanna sin go dtí an lá inniu ann.[48]

Maidir leis na hamhráintí a chan an Néilleach ar an ócáid sin don Athair de Hindeberg, an 3 Iúil 1905, amhrán é 'A spailpín, a rún' a airítear go minic fós ag amhránaithe na nDéise a bheag nó a mhór mar atá sé le clos ar an taifead seo ó thús an chéid seo caite.[49] Áirítear fós mar 'amhrán mór' sa cheantar é, bíodh is ná fuil againn de ach trí véarsa. Deir Séamus Mac Craith liom gurb é 'an ceol a sheasaíonn do' sa mhéid sin;[50] gur i ngeall ar bhreáthacht na séise ar a ngabháltar é (leagan de 'An Londubh' nó 'The Blackbird') a n-áirítear i measc amhráintí móra an cheantair inniu é.[51] Deir Grattan Flood gur aimsigh sé '[an] allusion to the song [The Blackbird] in 1709', fad is gur bhreac Bunting leagan den bhfonn céanna ar a shiúlta dho in 1803, tráth gur chuir seisean an nóta 'very ancient' leis (in Cowdery 1990, 46–47).

Tugtar faoi deara go bhfuil móitífeanna áirithe sa bhfonn ar ar chan an Néilleach an t-amhrán 'An Maidrín Ruadh' le sonrú arís sa séis den teideal céanna a bhreac an tOllamh Oirmhinneach James Goodman (1828–1896) in iarthar na tíre i lár na naoú haoise déag.[52] Tá eolas áirithe fós sa Rinn agus sa Sean-Phobal ar 'Cé Phort Láirge', cé go mbíonn go leor cur is cúiteamh

ann cé acu an ionann nó nach ionann é agus 'Is buachaillín fíor óg mé', nó 'An Goirtín Eornan' mar is fearr aithne air. Deir údair áirithe sa cheantar gurb amhlaidh go bhfuil an dá amhrán imithe in aimhréidh ina chéile, rud a tharlaíonn ar uairibh le déantúis den mheadaracht chéanna, go háirithe más ar aon fhonn, nó ar fhoinn atá gaolmhar lena chéile, a chastar iad.[53] Díol suime nach gcaitheann an taifead seo ó 1905 aon solas breise ar an scéal – go deimhin is amhlaidh go gcuireann sé leis an díospóireacht: anuas ar cheist na foclaíochta, is ar an bhfonn ar a gcastar 'An Binsín Luachra' inniu sa dúthaigh a chantar 'Waterford Quay' anseo, meabhrú eile fós dúinn ná tagann stad ar an gcultúr beo, ach é ag athrú de shíor.

Cé gur minic luaite inniu é le hamhránaithe Chonamara, áit a raibh sé le clos coitianta go maith san am atá thart,[54] faoi mar atá fós, bhí eolas ar 'An Spailpín Fánach' ar fuaid na Mumhan leis, agus ní taise do cheantar na nDéise é, mar ar bhailíodh cuid mhaith leaganacha de i gcaitheamh na mblianta.[55] Deir Pádraig Seosamh Ó Mathúna ón Sean-Phobal liom go mbíodh sé le clos aigesean i measc na gcomharsan ó am go chéile ag fás aníos do sa Chúil Rua sna 1940í.[56] Is gnách tagairtí a bheith ann do Bhliain na bhFrancach, faoi mar atá anseo i leagan an Néilligh, rud a thugann leid éigin dúinn i dtaobh thréimhse a chumtha. Díol suntais an modh réidh, sollúnta ar ar chuir an Néilleach de é, murab ionann agus an bealach aerach, meidhreach ar a gcloistear go minic inniu é.

'Mary M'Kelly', Baile na nGall

Ní sholáthraítear d'eolas dúinn sa *Handbook* i dtaobh fhiteán 9 ach gur de bhunadh Bhaile na nGall an t-amhránaí. Arís eile anseo, caitheann cárta catalóige an Phonogramm-Archiv rud beag breise solais ar an scéal dúinn. Deirtear ansan gur 'Mary M'Kelly, Ring Waterf*ord*' an faisnéiseoir, agus gurb é 'Oh effulgent Lord' an t-amhrán aici. Is léir ón taifead fuaime gur bhean ab ea an t-amhránaí a bhí amach sna blianta rud beag ag an am ar thógadh uaithi é. De réir dhaonáireamh na bliana 1901, ní raibh ach 'Mary Kelly' amháin cláraithe do cheantar na Rinne trí chéile a d'fhreagródh di: ba í seo Méiní Dhonnchadh Paor (b.1843), baintreach Shéamuis Uí Cheallaigh, í ag maireachtaint i mBaile na nGall, lena beirt mhac agus a hiníon um a dtaca sin.[57] Gaelainn amháin a bhí mar theanga labhartha aici, de réir an tuairisceán daonáirimh úd.

Oh effulgent Lord

Níor sholáthraíodh sa *Handbook* puinn eolais a nochtódh dúinn bunús an amhráin ach chomh beag, fad is gur 'Oh effulgent Lord' a thugadh air ar chárta catalóige an BPA. Ba mhór an chabhair an méid sin féin, áfach, agus

sinn ag iarraidh é a aithint agus a shuíomh i stór amhráintí na nDéise ag tús na fichiú haoise. 'A Dhia ghléigil' is tús don chúigiú véarsa de dhéantús áirithe i gcnuasach de Noraidh dar teideal 'Tá Cailín ar an mBaile Seo' (Ó hÓgáin 1994, 93),[58] amhrán a bhailíodh ó Mhártan Mac Gearailt áirithe, fear de bhunadh na hAirde Móire,[59] ar 1 Iúil 1940:

[Gan teideal] 'Mary M'Kelly', 3 Iúil 1905 (rann 1)	*'Tá cailín ar an mbaile seo', Mártan Mac Gearailt, 1 Iúil 1940; in Ó hÓgáin, 1994: 93 (rann 5)*
A Dhia ghléigil cad a dhéanfad má imíonn tú uaim?	A Dhia ghléigil, cad a dhéanfad má imíonn tú uaim?
Nó cá rachad chun do thí-se, 'mhuise, maidin Dé Luain?	Ní bheidh eolas chun do thí agam ná an díon ar a bhuaic;
Beidh mo mhuintir ag bruíon liom 'gus mo bhaile fí bhuairt,	Beidh mo mhuintir ag troid is ag bruíon liom, agus mé fí bhuairt –
Beidh fearaibh Éireann ag déanamh géim díom 's mo ghrá i bhfad uaim.	Mná na hÉireann ag déanamh géim díom is mo ghrá i bhfad uaim

Agus arís, féach thíos a chruinne is a thagann an tarna véarsa ag faisnéiseoir de Hindeberg le ceathrú rann an Ghearaltaigh:

[Gan teideal], 'Mary M'Kelly', 3 Iúil 1905 (rann 2)	*'Tá cailín ar an mbaile seo', Mártan Mac Gearailt, 1 Iúil 1940; in Ó hÓgáin, 1994: 93 (rann 4)*
Agus tabhair mo bheannacht (ó) dtí'n mbaile beag úd athá sa ngleann,	Beir mo bheannacht go dtí an baile athá thuas ar an ngleann,
Caithfead imeacht dtí'n mbaile, 'mhuise, atá os a cheann;	Is an tarna beannacht go dtí an tigh beag os a cheann;
Is mó bóithrín salach fliuch (ó) agus cosán cam	Is mó bóithrín fliuch salach agus cosán cam
Thá 'dir mé 's an ionad coinne go b'uil mo chéadghrás' ann.	Athá idir mise agus an t-ionad coinne go bhfuil mo dhianghrá ann.



Baile na nGall *c.*1900 (Cnuasach Edward Brenan, Iarsmalann Chontae Phort Láirge, Dún Garbhán)

Is follas gur leagan den 'Droighneán Donn' atá anseo againn, ceann do mhóramhráintí na Gaelainne. Aithnítear go minic é mar an sampla *par excellence* den chineál amhrán sin dona dtagartar mar *chanson de juene fille* (agus, níos cruinne fós, mar 'amhrán an chailín tréigthe'), i dtéarmaí Uí Thuama (1960), ach cuirtear i mbéal an óigfhir ar uairibh leis é, rud a léiríonn an bóthar fada, casta, gabhlánach atá siúlta anuas chugainn aige. Foilsíodh in *Reliques of Irish Poetry* le Charlotte Brooke é sa bhliain 1789. Bhailigh Bunting ina diaidh é, d'áirigh Hardiman in *Irish Minstrelsy* (1831) é agus deir Carolan go bhfuil suas le 150 leagan clóite de ar coimeád inniu i gcartlann TCDÉ, sa tslí dhuit nach aon chaint san aer í 'rí na n-amhrán' a bheith á thabhairt air.[60]

Iarfhocal

Is mór an mhaise na taifeadtaí seo ó thús na fichiú haoise ar léann na n-amhráintí Gaelainne inniu. Tugann siad léargas luachmhar dúinn ar an amhránaíocht dúchais mar a bhí le clos i measc na ndaoine sa Rinn Ó gCuanach agus i bparóiste Chill Ghobnait san aimsir sin inar bhailíodh iad. Tá ábhar anseo dob fhuirist a shamhlú le 'traidisiún liteartha' na hochtú haoise déag ('Pilib Séimh Ceart Ó Fathaigh'; 'An Leannán Sí'; 'Éamonn an Chnoic'); tá, anseo leis, amhráintí mhóra de chuid na ndaoine, ar fuaid na Mumhan agus níos faide ó bhaile, le dhá chéad bliain anuas ('An Droighneán Donn'; 'Cé Phort Láirge'; 'Bean an Fhir Rua'; 'A spailpín, a rún'; 'An Spailpín Fánach'); maille le déantúis fhilí éagsúla, idir fhilí aitheanta agus fhilí áitiúla, liteartha agus neamaibítrithe, a bhí suas ins an naoú haois déag, tráth a raibh an fhilíocht ar an dé deiridh i dtuairim údair áirithe ('Mo shlán chugaibh, a Ghaibhne'; 'Táilliúir an Chroí Mhóir'; 'Miss Brien, an Chúileann'; 'Baile Uí Laoigh'). Agus mar gur cnuasach fuaime atá ann, soláthraíonn an bailiúchán ilghnéitheach ionadach amhráintí seo ó óige na haoise seo caite deis dúinn an amhránaíocht dúchais ar thairseach na hAthbheochana a bhlaiseadh agus a mheas, ní hamháin ó thaobh na dtéamaí, na cumadóireachta, agus an stóir trí chéile, ach ó thaobh an chur i láthair de, leis, agus ár ndearcadh féin maidir le sainiúlacht na stíle i gceantar na nDéise ó thaobh na hamhránaíochta de a fhiosrú agus a cheistiú as an nua.

Nótaí

1 Sheoladh, de chiotrainn, fiteán breise chun na Gearmáine i bhfochair na coda eile, sorcóir céireach ar a raibh dhá chornphíopa leis an bpíobaire, Séamus Ó Broin (†1931). Bhain an Broineach seo an chéad áit faoi dhó sa bhFeis Ceoil sna comórtaisí píobaireachta a reachtáiltí idir 1897 agus 1921. B'as Baile Átha

Troim, contae na Mí do, fear den lucht siúil a chaith tréimhsí i Loch Garman, i Móin Choinn, contae Chill Chainnigh, agus i gceantar na nDéise. Ba nós leis an samhradh a chaitheamh i gColáiste na Rinne, áit ar bhaisteadh 'píobaire an Choláiste' air. Deir Ó Domhnaill ([1987], 34) gur 'ghnách leis ar an ngeimhreadh a theacht bóthar a bhualadh agus siúl roimhe, a phíob faoina ascaill aige, ar fuaid an taobh thoir theas den tír'. **2** Gheofar eolas níos grinne ar a raibh i gceist anseo in Ziegler 2012 agus Nic Dhonnchadha 2014, 327–28. **3** Chuireadh cóip den chnuasach ar coimeád sa BPA, leis, ag an am. Deir Ziegler (2012, 1): '[I]n the Berlin Phonogramm-Archiv cylinder copies of the de Hindeberg collection have been found, together with respective correspondence, but their history was unclear'. Táim buíoch de Nicholas Carolan, Stiúrthóir, Taisce Cheol Dúchais Éireann, a roinn i gcomhrá gairid scéal casta na dtaifeadtaí fuaime seo liom. **4** Féach http://www.itma.ie/digitallibrary/playlist/itma-henebry-cylinder-recordings-1905, mar a bhfuil na taifeadtaí féin anois le haireachtaint. Breathnaithe ar 1 Meitheamh 2015. **5** .i. taifeadtaí eile a dhein de Hindeberg sa ghort atá inniu ar coimeád i gCnuasach Bhéaloideas Éireann agus i gCartlann Ceoil Choláiste na hOllscoile Corcaigh. **6** Féach, mar shampla, a deir de Chlanndiolúin (1911, 19) maidir leis an úsáid a bhaintí as an bhfónagraf i gColáiste na Rinne tuairim an ama chéanna: 'Get the phonograph to work and let it collect the rich harvest to be gathered in Ring, in Ibh Rathach, in West Clare, in Tuam, in any Irish speaking district. Bring it to the League class, turn it on after your day's work. If possible, when learning a song from it keep the words before your eyes. The results will be as good as if you were in the heart of the Gaedhealtacht. At Ring College, much is being done in this way. … The phonograph should be used to record the best songs of their best singers, and the records published. If the same were done in the various Irish speaking districts Irish music would be safe forever'. Féach, leis, Ó Cuirrín (2000, 131–32). **7** Leantar ord na bpíosaí anseo faoi mar atáid le fáil ar chártaí catalóige an BPA agus sa *Handbook* araon, seachas ord agus uimhriú na dtaifeadtaí digiteacha ag TCDÉ. Aon bhlúire amháin atá ar gach fiteán acu, damaid uimhir 13, mar a bhfuil dhá phíosa leis an amhránaí céanna, Maighréad Ní Néill – dhá amhrán a phléadh fad áirithe in Ó Gealbháin 2015. **8** Féach `www.census.nationalarchives.ie/reels/nai001246927`. Breathnaithe ar 9 Iúil 2013. **9** Teagmháil phearsanta le Nioclás Mac Craith, 9 Iúil 2013. **10** Tras-scríbhinní ós na buntaifeadtaí fuaime leis an údar a chuirtear i láthair i ngach cás anseo. **11** Saor loinge ba ea mac Aibhistín Draopair, Labhrás, agus ba leis a thit an t-ósta. Ba é Mártan an té ab óige den seisear cúram a bhí air Labhrás agus a bhean, Neilí Ní Mhaoilriaghain (1854–1894). Fuaireadar sin beirt bás go hóg, Neilí in 1894 (Mac Craith 2009, 83) agus Labhrás féin seal éigin ina diaidh, óir ní luaitear ar dhaonáireamh na bliana 1901 é. **12** Féach Daonáireamh ar-líne, ar shuíomh nai.ie. **13** 'Uair amháin riamh' a deir Eibhlín, 'a dh'airigh mé Mártan ag amhrán, Mártan Dráipéir … bhíodar sa séipéal – bhí an *Benediction* ar siúl – thíos age bun an tséipéil, bhí Nóiní [.i. Nóra Ní Ghríobhtha (1895–1935)] ag seinnt, agus bhí Mártan ag amhrán, don *Benediction* … agus shíl mé go raibh sé … ó, thar barr ar fad' (agallamh le Eibhlín Bean Uí Dhonnchadha, 30 Eanair 2014). **14** Féach,

mar shampla, CBÉ 150:401, 403, in Verling 2007, 474–75 ('Ar mo dhul go dtín Aifreann'), Michéal Turraoin (56), Baile Uí Churraoin, Rinn Ó gCuanach, 1934; CBÉ 183:103–04 ('Baile Lín'), Michéal Ó Cafua (40), Ré an dTeampán, Sliabh gCua, 25 Márta 1936; CBÉ 245:84–86 ('Baile uí Liaigh'), Seán Ó Meachair (28), An Gabhlán, An Sean-Phobal, 1 Meitheamh 1936; Ó hÓgáin 1994, 208–09 ('Baile an Lín'), Pádraig Ó Milléadha (73), Ré na dTeampán, Sliabh gCua, 29 Iúil 1940; Ó hÓgáin 1994, 112–14 ('Baile an Lín'), Tomás Haicéid (81), Cnoc an Chuilinn, An Cheapach, 5 Márta 1941; Cnuasach Úna Parks, Leabharlann de Hindeberg, Coláiste na Rinne, in Verling 2007, 348–49; 582 ('Baile Lín'), Michéal Turraoin (*c.*70), Baile Uí Churraoin, Rinn Ó gCuanach, na 1950í déanacha. **15** Díol beag suime dúinn gur airigh an Breatnach féin an fiteán seo de Hindeberg ón mbliain 1905 á sheinnt ar an bhfónagraf tráth éigin i dtigh dheartháir an Dochtúra, Eoin de Hindeberg (*al.* Seán, John nó Jack Henebry (1868–1937)) – athair an scoláire, Piaras de Hindeberg (1912–82), agus fear déanta píbe agus veidhlín [sampla: An Linn Bhuí (18) 325] – i bPort Lách tráth éigin ins na 1930í (Breatnach 1998, 19). Deir Jimmy O'Brien Moran (2012, 101) gur airigh sé an píobaire cáiliúil, Tommy Kearney (1917–2009), fear a thosnaigh amach ar an bpíobaireacht faoi oiliúint Eoin, ag rá gur chuimhin leis ina óige a bheith ag éisteacht agus ag seinnt le cnuasach fiteán an Dochtúra, a raibh idir thaifeadtaí eisithe agus thaifeadtaí a dhein sé féin sa ghort ina measc. **16** B'fhéidir gurbh é seo an Thomas Hynes (61) a raibh cónaí air in 'Cloonanerla, Kiltartan' in 1901 de réir dhaonáireamh na bliana sin. Féach: `www.census.nationalarchives.ie/pages/1901/Galway/Kiltartan/Cloonanerla/1384410`. Breathnaithe 7 Feabhra 2015. **17** Féach an cur síos ag Maidhc Dháith Turraoin (in Ó Cionnfhaolaidh 1956, 35), mar shampla, ar a thaithí féin ar an 'aonach haidhreála', aonach na Bealtaine, i gCill Mhic Thomáisín in earr na naoú haoise déag. **18** .i. Baile Uí Laoigh, paróiste Chill Tartan/Cill Tomáis, i mbarúntacht Chill Tartan, Contae na Gaillimhe. Díol suime é gur 'Baile Lín', nó díorthú éigin den logainm sin, is coitianta a fhaightear mar ainm ar an amhrán seo i bhfoinsí Déiseacha (féach n. 14 thuas). **19** Féach, mar shampla, Verling 2007, 348; 474 agus Ó hÓgáin 1994, 113. **20** Ní áirítear oiread agus éinne amháin den sloinne 'Raftery' (ná aon díorthú den sloinne sin) a bheith ag cur faoi i gcontae Phort Láirge i ndaonáireamh na bliana 1901, fad is gurbh é an John Raftery (23, mac léinn) a bhí an tráth sin lonnaithe i scoil chónaithe Choláiste De La Salle, cathair Phort Láirge an t-éinne amháin den sloinne sin a chláraíodh sa chontae i nDaonáireamh na bliana 1911. **21** Pléitear na malairtí seo ní ba ghrinne, agus samplaí go leor eile dá leithéid ins an amhrán 'Máire Ní Eidhin' mar a fhaightear ins na Déise é, in Ó Gealbháin, 2015a. Mar atá pléite ins an áit sin agam, níor chóir na malairtí seo thuas a thuiscint mar thuaiplisí ná botúin, ach mar chuid de phróiseas an tseachadaidh bhéil – mar léiriú ar an mbéalaireacht agus ar phróiseas cruthaitheach an chultúir bhéil trí chéile. Maidir leis an gceol ar ar chan Mártan Draopar an t-amhrán úd, arís eile, is fonn é seo ar a raibh na Déisigh fíorcheanúil is cosúil riamh anall agus, dá chomhartha sin, is mó amhrán atá tagtha anuas chughainn ar an bhfonn céanna. Féach, mar shampla 'An Brianach Óg' in Ó Foghludha (1924, 4), 'Mo Mhuirnín Bán' in

de Noraidh (1994, 63 agus clos Uí Cheallaigh 2010, rian 1), nó clos 'Mo Thig Beag Aerach', déantús de chuid an fhile, Pádraig Ó Milléadha (1877–1947), le Nioclás Tóibín (1928–1994), rí-amhránaí Éireann ar Tóibín 2007, rian 14. **22** Feic http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai001247101. Breathnaithe ar 13 Iúil 2013. Tá Cill na bhFraochán Thiar pas beag soir ó dheas de Chúil na Sméar, an áit a luann de Hindeberg leis an bPaorach sa *Handbook*. Luann an t-údar céanna 'Kilnafrehan' leis an amhránaí, áfach, agus é á chur i láthair ar an taifead féin. Mo bhuíochas mór le Seán Ó Ceallaigh, Corrbheithigh, as eolas áirithe i dtaobh mhuintir de Poer a roinnt liom. **23** An t-eolas seo agam ó Nioclás Mac Craith, i dteagmháil phearsanta, ar 28 Nollaig 2015. **24** Feic http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=199. Breathnaithe 28 Nollaig 2015. **25** Gheofar leagan eile den amhrán seo in CBÉ 150:486, 88, 90, faoin teideal 'I mbaile lem ais'. Ba é Nioclás Breatnach a bhailigh, ar 13 Samhain 1935, ó Mháire Ní Mhuirithe (85), baintreach, Baile na nGall, Rinn Ó gCuanach. **26** Ag seo a leanas a deir an Cuirríneach ina thaobh sa bhall sin: 'Seo amhrán a dhein Piaras Ó Briain do bheirt ghearrchaillí a bhí ag suirí le buachaill óg. Séamus de Faoit ab ainm dó agus bhí hata an Fhaoitigh aige Peigí Ní Bhriain agus dúrt an Faoiteach le Ailí Chéasty dul agus a hata a thabhairt i leith chuige istigh in ti hocstaera i gCill na bhFraochán agus nuair a tháinig sí a d'iarradh an hata bhí Ailí Cheasty is ní thabharfach sí di é agus tharraing sí le dorn í agus bhuaileadar a chéile agus bhuail Ailí Cheasty an dial ar Pheig Ní Bhriain. Bhí sí ró-mhaith dhi. Nach thug Peig Ní Bhriain leath-pheannta fuiscí le n-ól do Phiaras chun í mhola san amhrán so' (CBÉ 150:284). **27** Ba as an Lios Liath, gairid do Tuar an Fhíona, don Tomás Mac Craith seo, de réir na tuairisce a thug Maighréad Ní Fhearraighle (86), Ré na dTeampán, Baile Mhic Cairbre air, agus í ag cur síos ar dheantús eile a dá chuid, 'Baile na Coille i nGleó' (CBÉ 85:8–9), an 21 Lúnasa 1930. Caoineadh é seo a chum sé ar a chomhCharbhat, Tomás Paor, ó Bhaile na Coille i bparóiste Chill Ghobnait, a fuair bás 'breis is céad bliadhain ó shoin'. Ba é a garnia, Pádraig Ó Fiannúsa (16) a bhailigh. **28** Tá cuntas rud beag difriúil ag Labhrás Ó Cadhla ar údar an amhráin chéanna: 'Táilliúir a bhíodh ina chónaí i Sliabh gCua: Séamus Ó 'Chaorainn [Ó hEachiairn] ab ainm do. Thit sé i ngrá le cailín agus bhíodar chun imeacht – chun éaló lena chéile go dtí an mBreathnaisc – agus an oíche sarar dh'imigh sé bhí ceathrar nó cúigear des na filí a bhí thimpeall na háite istigh ann chun slán a dh'fhágaint aige, agus chuir an mháthair an glas ar an doras agus dúirt sí ná scaoilfeadh sí aoinne amach go dtí go gceapfaidís véarsa filíochta dho; agus thosnaigh duine acu ansan, Craitheach ab ainm do' (tras-scríbhinn le Ó Cearbhaill, in Ó Cadhla 2000, 11). **29** Le haghaidh a thuilleadh eolais agus plé ana-shuimiúil ar chúlra an amhráin seo, féach Ó Bróithe 2007, 200–07. **30** Tugtar 'Pilib Séimh Mac Ghearailt' go hearráideach air sa *Handbook* (Henebry 1928, 293). Gheofar focail an amhráin seo agus cuntais ina thaobh in Ó Milléadha 1936, 173–74, Tóibín 1978, 72–75 agus Ó Gealbháin 2006. Féach agus clos, leis, uí Ógáin agus Sherlock 2012, 78–81 agus diosca 1, rian 19; Tóibín 1999, rian 9; Ó Cearbhaill [2010], rian 1. Is dóigh liom gurb é an leagan a roinn Tommy Condon, ó cheantar Shliabh gCua, le Pádraig Ó Fiannúsa uair éigin ins na 1960í

an leagan is deise dar chuala fós. Clos rian 27, téip 58/93 i gCnuasach Fuaime Uí Fhiannúsa, Leabharlann de Hindeberg, Coláiste na Rinne. **31** Díol suime sa mhéid seo déantús eile a leagann Ní Fhearraighle ar Thomás Mac Craith áirithe (an file céanna, de réir cosúlachta), 'Maoilinn stuaic naomhtha an Chnuic Bhuidhe' (CBÉ 85:72–74), áit a deir sí ina thaobh: 'Cuireadh as a stát é agus bhí sé chomh bocht annsan ná faighbheadh sé culath éadaigh do cheannach chun dul dtí an Afreann [*sic*], agus sé an rud a dhéanadh sé ná dul dtí an áit a deirtear sa chéad bhéarsa [An Cnoc Buí] gach domhnaigh agus *a*bhar paidreacha do léigheamh an fhaid a bhíodh an t-afreann ar siúbhal. Bhraith an sagart ná raibh sé ag dul dtí an afreann agus créal sé ó'n alltór é. Annsan seadh chum Mac Creath an t-amhrán. Dúbhairt sé do'n Sagart é agus sé dúbhairt siúd … lean mar thá tú agus béidir go bfuil do shlíghe chomh maith le cách'. **32** Clos Ó Cadhla 2000, rianta 2 agus 5 faoi seach. **33** Feic CBÉ 245:331–33 ('Pilib Séimh Ó Fatha') agus 245:333–35 ('Séamus Ó Caorthainn'), dhá amhrán a d'airigh Ó Cadla ag 'seandaoine' a raibh cónaí orthu tráth in 'Tuar an Fhíona agus Cill na bhFraochán'. **34** Féach Hardiman 1831 (1); Ó'Daly 1850; Breathnach 1923, mar shampla. **35** Nó sa Seanbhoth, de réir tuairiscí eile. Féach Ó Corrbhuí 1991, 79, mar shampla. **36** '[T]here existed' a deir Ó Súilleabháin, 'in the former Irish Record Office (destroyed with all its contents in the Civil War of 1922) a Government proclamation, dated 1702, offering a reward of £200 for the apprehension of "Edmund Knock Ryan"' (O'Sullivan 1960, 151). **37** 'We have received' a deir Ó Dálaigh, 'a long sketch of him from a distinguished literary member of the family [*sc.* na Rianaigh], but are obliged to reserve it for another volume' (O'Daly 1850, 219). Táim buíoch den Dr Proinsias Ó Drisceoil a chuir an méid seo ar na súile dom. Féach, chomh maith, Ó Drisceoil 2007, 224. **38** Maidir le gnáththéamaí an *serenade*, féach Ó Tuama 1960, 67. **39** Féach Hardiman, 1831 (1): 268–73. Luaitear an laoch eapainmneach ins an leagan sin a d'fhoilsigh Brooke (1789) ceart go leor, ach ní áirítear san insint sin an véarsa úd dar tús 'Cé hé sin amuigh a bhfuil faobhar ar a ghuth/ar mhaoilinn an chnoic' inar gnách don laoch é féin a chur in aithne. **40** Féach Ó Tuama 1994, 280–83; Ó Muirgheasa 1915, 136–37. Tá sé seo fíor, leis, i gcás leaganacha foilsithe eile de 'Éamonn an Chnoic'. Feic, mar shampla, O'Daly 1850, 218–23; de Brún et al. 2002, 68–69. Díol suime nár áirigh Ó Tuama 'Eamonn an Chnoic' in *An Duanaire 1600–1900*, agus ná luaitear é agus 'Coillte Glasa an Triúcha' á chur i lathair, cé gur léir go bhfuil gaol áirithe ann. **41** Is mar seo atá ar charta catalóige an BPA. Féach Ziegler 2012, 13. **42** Arís, is mar seo atá ar charta catalóige an Archiv, míthuiscint, ní foláir, ar líne deiridh an tarna véarsa, 'Is cuma cé a bhainfidh an eorna', 'It is all the same who will *cut the barley*'. **43** Leagan den 'Goirtín Eornan' atá i gceist. Díol suime é go bhfuil 'Waterford Quay' mar theideal ar an mír seo ar chárta catalóige an BPA, mar go maireann an tuairim inniu i measc amhránaithe na nDéise gur dhá dhéantús éagsúla iad 'An Goirtín Eornan' (amhrán dar tús 'Is buachaillín fíor-óg mé') agus 'Cé Phort Láirge', ceist a phléitear ní beag níos mine amach anseo. **44** Féach Henebry (1928, 49), mar a n-áirítear an Néilleach i measc na n-amhránaithe ba bhinne a bhí le clos sa dúthaigh lena linn. **45** Is iad 'A spailpín, a rún' agus 'Is bucahaill fíor-óg mé' na hamhráintí

úd a thógadh uaidh ar an ócáid sin. Clos Trebitsch 2003, OEAW PHA CD **14/1**, rianta 7 agus 8. Is féidir samplaí ón gcnuasach seo Trebitsch a aireachtaint ag http://catalog.phonogrammarchiv.at/ui/miha/sessions.php?id_sessions =4198&action=view&sortieren=signatur&vonBis=0-9. Cf. Daonáíreamh 1911 mar a bhfuil 'Patrick O'Neill (22), postman' in 'Ballyreilly, Ringagonagh' cláraithe. Féach, leis, Mac Craith agus Ó Gríobhtháin 2000, 93; Ó Broin 2012, 189; Nic Dhonnchadha 2014, 329. **46** Gheofar cuntas cuimsitheach ar Mhichéal Ó Foghludha (†1905), athair an fhile cháiliúil Áine Ní Fhoghludha (1880–1932), in Ó Domhnaill [1987], 14. **47** Ba í seo an Hannah Ryan (16) a bhí ina cónaí lena muintir i Móin na Mian, An Sean-Phobal, de réir dhaonáíreamh na bliana 1911. Phósadh sa bhliain 1921 iad. Táim buíoch de Nioclás Ó Gríobhtháin as an bpointe seo, agus scéal Pheats Néill trí chéile, a phlé liom i gcomhrá pearsanta, 14 Iúil 2013. **48** Táim buíoch de mhac Pheats, Jim O'Neill, dá chéile, Frances, agus den Dr Tomás Mac Conmara as eolas ar mhuintir Néill sa Ráithín a roinnt liom. **49** Clos Tóibín (1999, rian 8); Uí Cheallaigh (1995, rian 11). **50** Agallamh le Séamus Mac Craith, 10 Meitheamh 2016. **51** Deir Grattan Flood, gur leasainm ab ea 'the Blackbird' ar 'the Old Pretender … King James II' a bhí ar deoraíocht ar an Mór-roinn in óige an 18ú haois, ach is é tuairim Joyce gurbh é an Stíobhartach Óg, Séarlas Éadbhard, atá i gceist leis. Feic Cowdery 1990, 47. **52** Clos O'Brien et al. 2012, rian 8. **53** Feic Ó Laoire 2012, mar shampla, mar a bhfuil a mhacasamhail de scéal pléite i gcás 'An Droighneán Donn' agus 'Dá mbeinn 'mo bhádóir' i dtraidisiún amhránaíochta Thoraí. (Feic, leis, lgh 144–5 thuas.) **54** Feic, mar shampla, Ní Fhlathartaigh 1976, 302–03; Ó Con Cheanainn 2011, 325; agus clos 'ac Dhonncha 1994, rian 16. **55** CBÉ 183:264–66 ('An Spailpín Fánach'); 259:582 ('An Spailpín Fánach'); 332:220–21 ('An Spailpín Fánach'); feic, leis, Ó hÓgáin 1981, 44–45; 76–77. **56** Agallamh le Pádraig Seosamh Ó Mathúna, 22 Feabhra 2013. **57** Feic http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai001246931. Breathnaithe ar 1 Lúnasa 2013. Cf. Mac Craith 1999, 40. **58** Bhreac de Noraidh amhrán den teideal sin faoi dhó ar a shiúlta dho sna Déise i ndaichidí an chéid seo caite. Feic, leis, Ó hÓgáin 1994, 98–99. **59** Tá cuntas gairid ar an bhfaisnéiseoir seo in Ó hÓgáin 1994, 30. **60** Féach `www.europeana.eu/portal/record/15404/digitallibrary\_print\_collection\_versions\_of\_draighnean\_donn\_.html`.
Breathnaithe 5 Meitheamh 2015.

Liosta Léitheoireachta agus Taifeadtaí Fuaime

'ac Dhonncha, Seán. 1994. *An Spailpín Fánach: Traditional Songs from Connemara* (Cló Iar-Chonnacht CICD 006)

Breathnach, Pádraig (eag.). 1923. *Ceol ár Sinsear* (Baile Átha Cliath)

Breatnach, Nioclás. 1998. *Ar Bóthar Dom* (Rinn Ó gCuanach)

Breatnach, Pádraig A. 1987. 'Oral and Written Transmission of Poetry in the Eighteenth Century', *Eighteenth-Century Ireland/Iris an Dá Chultúr* 2, lgh 57–65

Brooke, Charlotte (eag.). 1789. *Reliques of Irish Poetry*(Baile Átha Cliath)

Costello, Eibhlín [Eibhlín Bean Mhic Choisdealbha] (eag.). 1923. *Amhráin Mhuighe Seóla* (Baile Átha Cliath)

Cowdery, James R. 1990. *The Melodic Tradition of Ireland* (Kent, Ohio)
de Brún, Pádraig, Breandán Ó Buachalla agus Tomás Ó Concheanainn. 2002. *Nua-Dhuanaire* 1 (Baile Átha Cliath)
de Chlanndiolúin, Séamus. 1911. 'Irish Traditional Music', *An Claidheamh Soluis*, (29 Iúil)
Gunn, Marion (eag.). 1984. *A Chomharsain Éistigí* (Baile Átha Cliath)
Hardiman, James (eag.). 1831. *Irish Minstrelsy or Bardic Remains of Ireland*, 2 Iml. (Londain)
Henebry, Richard [Risteard de Hindeberg]. 1928. *A Handbook of Irish Music* (Corcaigh)
———, 1903. *Irish Music* (Baile Átha Cliath)
Henigan, Julie. 2012. *Literacy and Orality in Eighteenth-Century Irish Song* (Londain)
Hyde, Douglas [Dubhghlas de hÍde] (eag.). 1903. *Abhráin Atá Leagtha ar an Reachtúire* (Baile Átha Cliath)
Lord, Albert B. 2000 [1960]. *The Singer of Tales* (Cambridge, Massachusetts)
Mac Craith, Nioclás. 2009. 'Óstaí, Tábhairní agus Síbíní', An Linn Bhuí 13, lgh 82–101
———, 1999. 'Baile na nGall Mór agus Beag', An Linn Bhuí 3, lgh 38–61
———, agus Nioclás Ó Gríobhtáin. 2000. 'Heilbhic agus Baile Uí Raghallaigh', An Linn Bhuí 4, lgh 90–121
Mahon, William (eag.). 1995. *Amhráin Chlainne Gael: Micheál agus Tomás Ó Máille a Chruinnigh agus a Chur Síos Iad* (Indreabhán)
Newman, Stephen P. 2013. *Mícheál Coimín agus A Shaothar.* Tráchtas Neamhfhoilsithe PhD., Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
Nic Dhonnchadha, Aoibheann. 2014. 'Nótaí Fáin', An Linn Bhuí 18, lgh 323–30.
Nic Éinrí, Úna (eag.). 2003. *Canfar an Dán* (An Daingean)
Ní Fhlathartaigh, Ríonach (eag.). 1976. *Clár Amhrán Bhaile na hInse* (Baile Átha Cliath)
O'Brien, Mick, Emer Mayock agus Aoife Ní Bhriain. 2012. *Tunes from the Goodman Manuscripts* (Is Mise Records 003)
O'Brien Moran, Jimmy. 2012. 'Capturing Diversity Whilst Creating Canon: The Advent of Sound Recording in Irish Traditional Music', in Thérèse Smith (eag.) *Ancestral Imprints: Histories of Irish Traditional Music and Dance* (Corcaigh)
Ó Broin, Greagóir. 2012. 'An Dochtúir agus an Handbook', An Linn Bhuí 16, lgh 186–89
Ó Bróithe, Éamonn. 2007. 'Gluaiseacht na gCarbhat i Sliabh gCua: An Stair agus an Béaloideas', in Anne Clune (eag.) *Dear Far-Voiced Veteran: Essays in Honour of Tom Munnelly* (Miltown Malbay)
Ó Buachalla, Breandán. 1996. *Aisling Ghéar* (Baile Átha Cliath)
Ó Cadhla, Labhrás [nótaí le Pádraig Ó Cearbhaill]. 2000. *Amhráin ó Shliabh gCua*(RTÉ 234 CD)
Ó Ceallaigh, Seán. 2003. *Éamonn Mac Giolla Iasachta 1887–1986* (Baile Átha Cliath)
Ó Cearbhaill, Pádraig. [2010]. *Amhráin na Séad* (An Béal Binn 001)
Ó Cionnfhaolaidh, Micheul (eag.). 1956. *Beatha Mhichíl Turraoin* (Baile Átha Cliath)

Ó Con Cheanainn, Ciarán (eag.). 2011. *Clár Amhrán Mhaigh Cuilinn* (Baile Átha Cliath)
Ó Corrbhuí, Máirtín. 1991. *Tipperary* (An Daingean)
Ó Cuirrín, Seán. 2000. 'Stair na Rinne Lem Linnse', An Linn Bhuí 4, lgh 130–35.
O'Daly, John (eag.). 1850. *The Poets and Poetry of Munster*, 2ú eag. (Baile Átha Cliath)
Ó Domhnaill, Michéal. [1987]. *Iolscoil na Mumhan* (Rinn Ó gCuanach)
Ó Drisceoil, Proinsias. 2007. *Seán Ó Dálaigh: Éigse agus Iomarbhá* (Corcaigh)
Ó Foghludha, Mícheál (eag.). 1924. *Cuisle Ceoil* (Baile Átha Cliath)
Ó Gealbháin, Ciarán. 2015. ' "Na Prátaí Dubha" agus Deantúis Eile a Leagtar ar Mholly na Páirce', An Linn Bhuí 19, lgh 41–62
———, 2015a. 'Raiftearaí's "Máire Ní Eidhin" in the Waterford Song Tradition', *Béaloideas* 83, lgh 1–15
———, 2006. 'Idir Dhá Shaol sa mBuí-Chnoc: Stair is Seanchas san Amhrán "Pilib Séimh Ó Fathaigh" ', An Linn Bhuí 10, lgh 151–56
Ó hÓgáin, Dáithí (eag.). 1994. *Binneas Thar Meon I: Cnuasach d'Amhráin agus de Cheolta a Dhein Liam de Noraidh in Oirthear Mumhan* (Baile Átha Cliath)
———, 1981. *Duanaire Thiobraid Árann* (Baile Átha Cliath)
Ó Laoire, Lillis. 2012. 'Críocha an Chirt : Téacsúlacht, Taibhléiriú agus Tuiscint san Amhránaíocht', in Stiofán Ó Cadhla agus Diarmuid Ó Giolláin (eag.) *Léann an Dúchais: Aistí in Ómós do Ghearóid Ó Crualaoich* (Corcaigh)
Ó Milléadha, Pádraig (eag.). 1936. 'Seanchas Sliabh gCua', *Béaloideas* 6/2, lgh 169–256.
Ó Muirgheasa, Énrí (eag.). 1915. *Céad de Cheoltaibh Uladh* (Baile Átha Cliath)
O'Sullivan, Donal J. (eag.). 1960. *Songs of the Irish* (Baile Átha Cliath)
———, (eag.). [1930]. 'The Bunting Collection of Irish Music and Songs: Part 2', *Journal of the Irish Folk Song Society* 24.
Ó Tuama, Seán. 1960. *An Gra in Amhráin na nDaoine* (Baile Átha Cliath)
Ó Tuama, Seán agus Thomas Kinsella (eag.). 1994 [1981]. *An Duanaire: Poems of the Dispossessed* (Baile Átha Cliath)
Tóibín, Nioclás (eag.). 1978. *Duanaire Déiseach* (Baile Átha Cliath)
Tóibín, Nioclás [nótaí le Nioclás Mac Craith agus Éamonn Ó Bróithe]. 2007. *Amhráin Aneas* (Gael Linn CEFCD 062)
———, [nótaí le Nioclás Mac Craith, Éamonn Ó Bróithe agus Bill Caulfield]. 1999. *Rinn na nGael* (Cló Iar-Chonnacht CICD 104)
Trebitsch, Rudolf (eag.). 2003. *The Colletions of Rudolf Trebitsch: Celtic Recordings – Ireland, Wales, Brittany, Isle of Man, and Scotland (1907–09), Sraith 5/2 (Verlag der Österreichischen Akademie de Wissenschaften* OEAW PHA CD 14/1, 2)
Uí Cheallaigh, Áine. 1995. *Idir Dhá Chomhairle/ In Two Minds* (Gael Linn CEFCD 158) 2010.
———, *Binneas Thar Meon* (Gael Linn CEFCD 194)
uí Ógáin, Ríonach agus Tom Sherlock (eag.). 2012. *The Otherworld: Music and Song from Irish Tradition* (Baile Átha Cliath)
Verling, Máirtín (eag.). 2007. *Leabhar Mhaidhc Dháith: Scéalta agus Seanchas ón Rinn* (An Daingean)

Ziegler, Susanne. 2012. 'From Waterford to Berlin and Back to Ireland: Richard Henebry's Wax Cylinder Recordings and the Berlin Phonogramm-Archiv', in Thérèse Smith (eag.) *Ancestral Imprints: Histories of Irish Traditional Music and Dance* (Corcaigh)